Coimisiún na Meán

# Cáipéis Chomhairliúcháin: Dréachtráiteas Straitéise

Dáta foilsithe: 6 Samhain 2024
Spriocdháta le haghaidh freagra: 5i.n. an 4 Nollaig 2024

# Achoimre

Foráiltear le halt 29 (1) den Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus Meán, 2022 (‘Acht OSMR 2022’), go n-ullmhóidh Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”) Ráiteas Straitéise trí bliana a luaithe is féidir tar éis a bhunaithe.

Ceanglaítear le halt 29 (5) d‘Acht OSMR 2022 tréimhse comhairliúcháin phoiblí ar dhréacht den Ráiteas Straitéise.

Cuimsíonn an Cháipéis Chomhairliúcháin seo Ráiteas Straitéise beartaithe don tréimhse trí bliana, 2025 go 2027 agus an dá bhliain sin san áireamh. Tá aiseolas maidir leis an Straitéis bheartaithe sin á lorg léi.

Leagtar amach sa cháipéis seo freisin an próiseas trínar forbraíodh an Straitéis bheartaithe (féach Cuid 1, leathanach 3) agus cur síos ar conas páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin (Féach Cuid 3, leathanach 3).

Mar aon leis an gCáipéis Chomhairliúcháin seo, is féidir gur mian le freagróirí tagairt a dhéanamh do Threoirlínte Comhairliúcháin an Choimisiúin, ar ar féidir rochtain a fháil anseo.

# 1. Réamhrá

Is é Coimisiún na Meán ("An Coimisiún") an ghníomhaireacht in Éirinn a fhorbraíonn agus a rialaíonn earnáil na meán atá faoi bhláth, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa. Bunaíodh é an 15 Márta 2023 leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán, 2022, lenar leasaíodh an tAcht Craolacháin, 2009. Aistríodh cumhachtaí agus feidhmeanna Údarás Craolacháin na hÉireann ('an tÚdarás') chuig an gCoimisiún faoi Chuid 16 d'Acht OSMR 2022.

Tá a straitéis tionscnaimh á forbairt anois ag an gCoimisiún don tréimhse 2025 go 2027 agus an dá bhliain sin san áireamh. Is garsprioc thábhachtach í forbairt Ráiteas Straitéise tionscnaimh an Choimisiúin. Leagtar amach ann fís an Choimisiúin agus tá sé mar bhonn láidir leis an gcineál eagraíochta is mian leis an gCoimisiún a bheith aige. Cuimsíonn sé na príomhthosaíochtaí atá ag an gCoimisiún agus na torthaí a bhfuil sé ag súil lena mbaint amach faoi dheireadh na tréimhse trí bliana ó mhí Eanáir 2025 go dtí mí na Nollag 2027. Cuideoidh an Ráiteas leis an gCoimisiún ullmhú go straitéiseach do na deiseanna agus do na dúshláin atá roimhe, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Tacóidh sé leis an gCoimisiún freisin eagraíocht a thógáil atá oiriúnach don fheidhm agus ag fás go tapa. Cuirfidh sé bonn eolais freisin faoi chláir oibre bhliantúla a ullmhú lena leagfar amach pleananna an Choimisiúin do gach ceann de na trí bliana. Tá an chéad chlár oibre dá leithéid á dhréachtú ag an gCoimisiún faoi láthair a fhoilseofar in éineacht leis an Ráiteas Straitéise críochnaithe go luath in 2025.

Mar chuid den phróiseas seo, rinne an Coimisiún machnamh ar a shainordú reachtach, chuir sé a chuspóir san áireamh, chuaigh sé i gcomhairle lena fhoireann, rinne sé cleachtadh cuimsitheach tagarmharcála, agus chuaigh sé i dteagmháil go forleathan le raon leathan páirtithe leasmhara chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an Ráitis Straitéise bheartaithe a áirítear sa cháipéis seo. Is mian leis an gCoimisiún dul i gcomhairle leis an bpobal anois chun do thuairimí a bhailiú.

Is mór ag an gCoimisiún do thuairimí agus gabhaimid buíochas leat as páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin.

# 2. An ráiteas straitéise beartaithe

Seo téacs an Ráitis Straitéise bheartaithe.

# 3. Ag tabhairt freagra ar an gcomhairliúchán seo

Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí maidir leis an Ráiteas Straitéise Tá an Coimisiún ag lorg tuairimí tríd an bhfoirm seo ar líne. Iarraimid go mbeidh aighneachtaí gonta agus go ndíreoidh siad ar na príomhphointí is mian leat a dhéanamh, agus cúiseanna á dtabhairt le do thuairimí. Ba cheart gach príomhphointe san áireamh san fhoirm ar líne. Cé go mb'fhéidir gur mhaith leat tacú leis na pointí seo trí hipearnasc chuig ábhar tagartha a áireamh, ní riachtanas é seo. Táimid ag súil gur cheart go bhféadfaí, i bhformhór na gcásanna, gach príomhphointe a chur in iúl gan tagairt d'ábhar forlíontach.

D'fhostaigh an Coimisiún Forvis Mazars chun tacú le próiseas forbartha na straitéise seo. Má theastaíonn aon chúnamh uait chun freagra a thabhairt (mar shampla, mura bhfuil tú in ann freagra i scríbhinn a thabhairt

ar an bhfoirm ar líne), déan teagmháil le Forvis Mazars ach ríomhphost a chur chuig CnMStrategy@mazars.ie nó glaoch a chur ar 01 449 4400 ionas gur féidir bealach eile a shocrú.

## 3.1. Achar ama le haghaidh freagraí

Ní mór na freagraí uile ar an gcomhairliúchán seo a chur isteach **tráth nach déanaí ná 5i.n. an 4 Nollaig 2024**.

## 3.2. Úsáid faisnéise

### 3.2.1. Sonraí pearsanta

Le linn an chomhairliúcháin seo, gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ó Forvis Mazars. Comhlíonfaidh an Coimisiún a oibleagáidí faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('RGCS'), faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlí agus rialachán príobháideachais sonraí eile is infheidhme. Tá oibleagáid ar an gCoimisiún agus tá sé tiomanta do na sonraí pearsanta uile a chuirtear isteach a chosaint. Áirítear leis sin a chinntiú go bpróiseálann próiseálaithe sonraí amhail Forvis Mazars sonraí pearsanta de réir threoracha scríofa an Choimisiúin agus i gcomhréir le hoibleagáidí faoi RGCS, faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi aon dlí agus rialachán príobháideachais sonraí eile is infheidhme. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir leat níos mó eolais a fháil inár mbeartas foilsithe maidir le conas a phróiseálann an Coimisiún faisnéis phearsanta.

Mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, baileoidh an Coimisiún agus Forvis Mazars aon fhaisnéis phearsanta a áirítear i do fhreagra. Cuirfear ainm an fhreagróra ar an gcomhairliúchán agus an freagra a sholáthrófar ar fáil go poiblí. Mar sin féin, ní chuirfidh an Coimisiún do shonraí teagmhála ar fáil go poiblí, amhail do sheoladh, d'uimhir theileafóin nó do ríomhphost. Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis a bhaileofar ach chun críocha an chomhairliúcháin seo nuair a cheadaítear go dleathach í.

### 3.2.2. Faisnéis rúnda

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún aighneachtaí a bhfaighfear mar fhreagra ar an gcomhairliúchán seo a fhoilsiú. Cuir in iúl go soiléir aon fhaisnéis a mheastar a bheith faoi rún i do fhreagra.

Déileálfaidh an Coimisiún le faisnéis rúnda i gcomhréir lena Threoirlínte Comhairliúcháin.

### 3.2.3. Saoráil faisnéise

Tá faisnéis atá i seilbh an Choimisiúin faoi réir a oibleagáidí faoin dlí, lena n-áirítear faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leat faoi fhaisnéis a mharcálann tú a bheith rúnda sula ndéanfaidh sé cinneadh faoi aon iarraidh a dhéantar chuige faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.